# Caibidil 5

## *Gníomhartha Críochnaithe*







# An Talmhaíocht, Geilleagar na Tuaithe agus Acmhainní Nádúrtha



## Cuspóir 1 — Inmharthanacht eacnamaíoch den táirgeadh talmhaíochta ar fud an chontae a chinntiú, agus chun cothabháil an chomhshaoil

| | | |
|---|---|---|
| **1.1.3** | Líonra leictreonach de chomhairleoirí/meantóirí a chruthú | Teagasc |

## Cuspóir 3 — An chomhairle gairmréime agus oiliúint a dhírítear ar fheirmeoirí agus a gcéilí a fheabhsú, lena gcumasú chun fanacht san fheirmeoireacht lánaimseartha nó chun a gcuid ioncam a fhorlíonadh

| | | |
|---|---|---|
| **1.3.4** | Staidéar a dhéanamh um fhéidearthacht na ndeiseanna theicneolaíocht na faisnéise (mar shampla, an teileashaothar) sna pobail tuaithe | RRD |

## Cuspóir 7 — Rannchur an iascaigh le geilleagar an Chláir a mhéadú

| | | |
|---|---|---|
| **1.7.1** | Pleananna comhtháite nuashonraithe a ullmhú d'fhorbairt agus bainistiú na bpríomhlochanna agus na bpríomhaibhneacha iascaigh sa Chlár | Bord Iascaigh Réigiúnacha na Sionainne |



# An Fhorbairt Eacnamaíoch, An Nuáil agus Cumas Scileanna



## Cuspóir 2 Riachtanais oiliúna den mhargadh saothair i gContae an Chláir a aithint, agus scileanna an mhargaidh shaothair a fhorbairt agus a chothabháil do na caighdeáin idirnáisiúnta is airde

| | | |
|---|---|---|
| **2.2.1** | Iniúchadh oilteachtaí a stiúradh le riachtanais oiliúna mhargadh saothair Chontae an Chláir a aithint | FÁS |

## Cuspóir 3 Bunachar sonraí cuimsitheach a fhorbairt sa chontae

| | | |
|---|---|---|
| **2.3.1** | Bunachar sonraí de gach gnó sa chontae a fhorbairt, a scrúdaíonn suíomh, struchtúr agus earnálacha, lena n-áirítear leibhéil na fostaíochta | Forbairt na Sionna agus Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 4 Uasghrádú scileanna agus foghlaim a sholáthar trí mheán córais inrochtana seachadta oideachasúil

| | | |
|---|---|---|
| **2.4.3** | Modhanna difriúla de sholáthar oiliúna a chuimsíonn gnéithe den chianfhoghlaim, den fhoghlaim ar líne agus d'fhoirmeacha eile de theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a phíolótú | Forbairt na Sionna |

## Cuspóir 6 A chinntiú go mbíonn gnólachtaí sa Chlár ag baint úsáide as Teicneolaíocht na Faisnéise agus as an ríomh-thráchtáil ar an mbealach is brabúsaí agus is éifeachtaí agus is féidir

| | | |
|---|---|---|
| **2.6.1** | Suirbhé píolótach d'úsáid theicneolaíocht na faisnéise i sprioc-áiteanna i gContae an Chláir a stiúradh | Bord Fiontair Chontae an Chláir |
| **2.6.3** | Líonra meantóirí a fhorbairt chun comhairle a chur ar chuideachtaí faoi conas úsáid a gcuid acmhainní agus oilteachtaí um theicneolaíocht na faisnéise a uasmhéadú go héifeachtach | Bord Fiontair Chontae an Chláir |

## Cuspóir 8 A chinntiú gur iomchuí iad na cláir do ghnólachtaí nua ag tosú amach agus atá ann cheana le riachtanais na bhfiontraithe, go soláthraíonn siad tacaíocht leordhóthanach, go mbíonn siad inrochtana agus go mbaineann siad leas as cumas na dteicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide

| | | |
|---|---|---|
| **2.8.1** | Na cláir thosaithe do ghnólachtaí atá ann cheana a mheasúnú | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |





## Cuspóir 9
### An tacaíocht do ghnólachtaí atá ann cheana a fheabhsú trí mheán córais mheantóireachta feabhsaithe

| | | |
|---|---|---|
| **2.9.1** | An córas meantóireachta atá ann a mheasúnú | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **2.9.2** | I bhfianaise an athbhreithnithe, an córas meantóireachta san chontae a fheabhsú trí chritéir earcaíochta a fhorbairt do mheantóirí, lena dtáirgtear bunachar sonraí de mheantóirí, srl. | Bord Fiontair Chontae an Chláir |
| **2.9.3** | An cumas a bhaineann le forbairt foirne de mheantóirí deonacha a fhiosrú | Bord Fiontair Chontae an Chláir agus RRD |
| **2.9.5** | Clár 'Fhilleadh ar an nGnó' a fhorbairt dóibh siúd nár éirigh leo roimhe seo i bhfiontar gnó. | Bord Fiontair Chontae an Chláir |
| **2.9.6** | Meicníocht aiseolais a fhorbairt um athbhreithniú rialta na n-iarratasóirí neamhrathúla ar dheontais ghnó | Forbairt na Sionna agus Bord Fiontair Chontae an Chláir |

## Cuspóir 11
### Fás um earnáil na gceirdeanna a spreagadh trí chainéal margaíochta uathúil sa chontae a fhorbairt

| | | |
|---|---|---|
| **2.11.4** | Go bhforbrófaí tionscadal Stáblaí na Tulaí mar cheann píolótach ag Earnáil na Ceardaíochta. | Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 12
### Rochtain ar chistí caipitil síl agus fiontair a fheabhsú do ghnólachtaí i mbun forbartha

| | | |
|---|---|---|
| **2.12.1** | Taighde a dhéanamh um chiste caipitil fhiontair do ghnólachtaí beaga agus ar mheánmhéid, a d'fhéadfadh na gníomhaireachtaí lena mbaineann a chomhordú leis an gnólachtaí beaga agus ar mheánmhéid atá ann cheana leis an gcuspóir chun cuideachtaí a luathú i dtreo an fháis fhostaíochta agus na nuálaíochta. | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 13
### Fás agus tacaíocht do chuideachtaí dúchasacha a spreagadh

| | | |
|---|---|---|
| **2.13.1** | Seirbhís "meaitseála" bhunachar sonraí a dhearadh agus a fhorfheidhmiú chun naisc a éascú idir cuideachtaí dúchasacha i gContae an Chláir agus cuideachtaí eile ar fud na hÉireann, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta, leis an ligean ar fo-chonradh a éascú | Forbairt na Sionna |
| **2.13.2** | Cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun cúnamh le cuideachtaí dúchasacha chun a dtáirgeadh a thabhairt chun margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | Forbairt na Sionna |





## Cuspóir 14 — An Clár a chur chun cinn mar phríomh-áit don infheistíocht isteach, le béim faoi leith á leagan ar leathadh níos cothromasaí den fhorbairt eacnamaíoch

| | | |
|---|---|---|
| **2.14.1** | Comhairle Contae an Chláir chun easnaimh bhonneagair a aithint | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **2.14.2** | Cúnamh le gníomhaireachtaí forbartha um margaíocht an chontae mar áit idéalacha don infheistíocht | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir agus Forbairt na Sionna |
| **2.14.4** | Croí-neart de na 6 bhaile fáis a aithint, ag cloí leis an Straitéis Spásúil a bheidh ag teacht amach don chontae. | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 16 — Cuideachta comhpháirtíochta a fhorbairt do gach cearn de Chontae an Chláir nach gclúdaíonn cuideachtaí ADM iad

| | | |
|---|---|---|
| **2.16.1** | Plean gnó a ullmhú agus a chur isteach chuig ADM, bunaithe ar éilimh chearnaí den Chlár nach gcumhdaíonn na cuideachtaí ADM iad | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |



# Bearta Cuimsitheachta Sóisialta (BCS)



## Cuspóir 1 — Comhtháthú agus comhordú ar fud an chontae a fhorbairt agus a bhaint amach um pleanáil agus seachadadh na Straitéise Cuimsitheachta Sóisialta CDB don Chlár

| | | |
|---|---|---|
| **3.1.1** | Fóram Cuimsitheachta Sóisialta (FCS) ar lán-ionadaíoch é a bhunú | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **3.1.2** | Múnla a fhorbairt do reáchtáil éifeachtach an Fhóraim Chuimsitheachta Sóisialta | ADMs:EIRI Corca Baiscinn, Obair Chora Chaitlín Teo, Ennis West Partners |

## Cuspóir 3 — Rochtain ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh a fheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| **3.3.1** | Cuirfear clár comhordaithe i bhfearas chun scaipeadh an eolais um shochair agus teidlíochtaí i ngach cearn den chontae a uasmhéadú | Citizens Information Centre |

## Cuspóir 7 — Leanúint ar aghaidh chun tacaí breise a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, don lucht siúil agus do thuismitheoirí aonair lena dtabhairt chuig leibhéal d'ullmhacht poist ionas gur féidir leo dul in iomaíocht go rathúil sa mhargadh saothair

| | | |
|---|---|---|
| **3.7.3** | Staidéar a stiúradh um Fhostaíocht Pobail i gContae an Chláir, agus moltaí a dhéanamh chun tacú leis an bhFostaíocht Pobail i gContae an Chláir agus chun í a fheabhsú | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 9 — Líon na ndaltaí a fhágann an scoil go luath a laghdú ar fud an chontae

| | | |
|---|---|---|
| **3.9.2** | Cláir ghnímh a fhorbairt do gach cearn den chontae a sholáthraíonn seirbhís chomhtháite do dhaoine a fhágann an scoil go luath | Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir |

## Cuspóir 13 — Forbairt chomhordaithe de sheirbhísí den scoth a chinntiú trí mheán iarracht chomhtháite d'earnáil dheonach agus pobail dhea-mhaoinithe agus dhea-thacaithe

| | | |
|---|---|---|
| **3.13.1** | Ullmhúchán de Phlean Gníomhaíochta agus ceapadh d'Oifigeach Forbartha d'Fhóram Pobail an Chláir | Clare Community Forum |
| **3.13.5** | Eolaire cuimsitheach den earnáil pobail agus dheonach a fhoilsiú | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **3.13.7** | Féidearthacht de shliotán ama rialta um 'Fhorbairt Pobail' ar Clare FM | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |



# An Bonneagar, An Phleanáil, An Fhorbairt Spásúil agus an Comhshaol



## Cuspóir 1 Cumas an fhuinnimh ailtéarnaigh a fhorbairt, de réir mar is cuí, mar acmhainn eacnamaíoch do Chontae an Chláir

| | | |
|---|---|---|
| **5.1.2** | Ceantair oiriúnacha a aithint, bunaithe ar chritéir theicniúla agus pleanála a shocraítear roimhré, d'fheirmeacha gaoithe agus d'fhoirmeacha eile den fhuinneamh ailtéarnach. | Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |
| **5.1.3** | Cumas na struchtúr d'úinéireacht áitiúil d'fheirmeacha gaoithe a fhiosrú .i. comharchumainn | RRD |
| **5.1.4** | Gníomhaireacht Fuinnimh a bhunú i gContae an Chláir chun gach saincheist um fhuinneamh, caomhnú fuinnimh agus an fuinneamh in-athnuaite go léir a chur chun cinn laistigh den chontae | Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 2 Ról Aerfort na Sionna a fheabhsú

| | | |
|---|---|---|
| **5.2.4** | An Plean úr do Chonair an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm | Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 3 Iompar poiblí ar inrochtana agus éifeachtúil é a sholáthar i ngach cearn de Chontae an Chláir trí mheán bonneagair fheabhsaithe bóithre agus iarnróid

| | | |
|---|---|---|
| **5.3.1** | An tIniúchadh um Iompar Tuaithe a chomhlíonadh | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **5.3.7** | Minice na dtraenacha idir Baile Átha Cliath, Cathair Luimnigh agus an Inis a mhéadú, go háirithe i rith bhuaicshéasúr na dturasóirí | Iarnród Éireann |

## Cuspóir 5 Scaipeadh cothrom agus cothromasach na forbartha a chinntiú ar fud an chontae chun tacú le hinmharthanacht na ndaonraí tuaithe

| | | |
|---|---|---|
| **5.5.2** | Beartais Phlean Forbartha Chontae an Chláir a chur i bhfeidhm chun fás an daonra thuaithe a chothabháil agus chun daoine a spreagadh chun tithe nua a thógáil sna sráidbhailte agus sna bailte beaga | Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |
| **5.5.5** | Straitéis a chruthú chun cúnamh le gnólachtaí miondíola tuaithe | Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |
| **5.5.6** | Pleananna Forbartha Limistéir Áitiúil nua a cheapadh agus a fhorghníomhú i ngach cearna den chontae | Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |





## Cuspóir 6 — Caighdeán an uisce agus an aeir i gContae an Chláir a fheabhsú chun an leibhéal optamach a shroicheadh de réir mar a shainítear san AE agus sna caighdeáin idirnáisiúnta

| | | |
|---|---|---|
| **5.6.1** | Fóram Comhshaoil a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ó gach gníomhaireacht agus ón earnáil pobail/dheonach | Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 7 — Beartas bainistithe dramhaíola inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, a fhéachann le héilimh na dteaghlach agus an tionscail a shásamh, lena n-áirítear an talmhaíocht agus an turasóireacht

| | | |
|---|---|---|
| **5.7.2** | A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach cearn den chontae ar dheighilt na dramhaíola, rud a éascaíonn an athchúrsáil agus an múiríniú, lena n-áirítear méadú um líon na n-ionad athchúrsála bunaithe ar an múnla sa Scairbh. Cur chuige nuálaíoch do bhailiú na dramhaíola a scrúdú ar nós na dtionscnamh um ghlacadh leis an athchúrsáil sna scoileanna srl. | Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir |
| **5.7.4** | Foinsí féideartha do mhaoiniú na dtionscadal athchúrsála ar fheirmeacha a aithint | Teagasc |

## Cuspóir 8 — Contae an Chláir a bheith ina chontae saor ó bhruscar

| | | |
|---|---|---|
| **5.8.1** | An Plean Bainistithe Bruscair don Chlár a fhorfheidhmiú | Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála, Comhairle Contae an Chláir |

# An Turasóireacht, An Cultúr agus An Oidhreacht





## Cuspóir 1

**Táirge turasóireachta comhtháithe den scoth a fhorbairt agus a sheachadadh, lena gcinnteofar go scaipfear fás na turasóireachta thar na hionaid seanbhunaithe agus na bailte móra isteach sna ceantair thuaithe**

| | | |
|---|---|---|
| **6.1.1** | Iniúchadh de bhonneagar na turasóireachta a stiúradh, lena n-áirítear ceantair thuaithe | Forbairt na Sionna/ Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch, Comhairle Contae an Chláir |
| **6.1.2** | Measúnú ar thionchar na modhanna reatha chur chun cinn a úsáidtear | Pobal & Fiontar, Comhairle Contae an Chláir |
| **6.1.3** | Clár Turasóireachta Contae a fhorbairt a dhíríonn ar riachtanais na soláthraithe beaga cóiríochta, agus lena n-áirítear tionscnaimh thurasóireachta pobal-bhunaithe, pleananna bainistíochta ceantar-bhunaithe agus scaipeadh tuaithe | Clare Tourism Partnership |
| **6.1.4** | An cumas um comhordaitheoir margaíochta agus díolachán a fhiosrú | RRD |
| **6.1.5** | An cumas a bhaineann le cruthú de líonra ar líne de sholáthraithe turasóireachta a fhiosrú | Forbairt na Sionna |

## Cuspóir 2

**Deiseanna fadtéarmacha gairmréime a fhorbairt i dtionscal na turasóireachta chun coinneáil agus earcú na foirne a chumasú**

| | | |
|---|---|---|
| **6.2.1** | Anailís um riachtanais oiliúna a stiúradh sna gnólachtaí turasóireachta chun bearnaí féideartha oilteachtaí a shainaithint. Cláir fheabhsaithe oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a líonann na bearnaí oilteachtaí a aithníodh san Iniúchadh. | Bord Fiontair Chontae an Chláir |
| **6.2.2** | Cláir fheabhsaithe oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a líonann na bearnaí oilteachtaí a aithníodh san Iniúchadh | Bord Fiontair Chontae an Chláir |
| **6.2.3** | Cláir oiliúna don turasóireacht talmhaíochta ar inrochtana agus solúbtha iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | RRD |

## Cuspóir 3

**Poitéinseal Shéasúr Neamhbhuaice na Turasóireachta sa Chlár a fhorbairt**

| | | |
|---|---|---|
| **6.3.1** | An punann de tháirgí neamhbhuaice sa chontae a mheasúnú | Forbairt na Sionna |
| **6.3.2** | Punann phacáistí neamhshéasúir an Chláir a fhorbairt, bunaithe ar thorthaí an taighde agus le saoirí gníomhaíochta agus féilte i ngach cearn den chontae a áireamh | Forbairt na Sionna |





## Cuspóir 4 — Earnáil ealaíon bhríomhar a fhorbairt, ar inrochtana do chách í, agus a chuireann béim ar thábhacht na n-ealaíon traidisiúnta, go háirithe an ceol agus an damhsa; agus an Clár a fhorbairt mar áit tharraingteach chun ealaíontóirí le cur fúthu inti

| | | |
|---|---|---|
| **6.4.1** | Plean Ealaíon an Chontae a fhorfheidhmiú | Comhairle Contae an Chláir |
| **6.4.3** | Cláir shaindírithe ealaíon a chur i ngníomh sna ceantair atá go mór faoi mhíbhuntáiste | ADMí/ Leabharlanna Chontae an Chláir/ An Oifig Ealaíon, Comhairle Contae an Chláir |
| **6.4.4** | Tionscnaimh oideachais a chur i bhfeidhm sna scoileanna chun feasacht a ghiniúint agus chun spéis a spreagadh sna healaíona agus sa chultúr | Comhairle Contae an Chláir |
| **6.4.5** | Rian cultúrtha de shaoráidí agus saothair ealaíonta an chontae a fhorbairt, m.sh. rian ceardaíochta, rian na n-áiléar, rian na n-amharclann agus rian dealbhóireachta | Oifig na nEalaíon, Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 5 — Úsáid na Gaeilge i ngach gné de shaol an chontae a mhéadú

| | | |
|---|---|---|
| **6.5.2** | Oifigeach Gaeilge lánaimseartha a chruthú | Comhairle Contae an Chláir |

## Cuspóir 8 — Séadchomharthaí náisiúnta an chontae a chothabháil agus a chosaint

| | | |
|---|---|---|
| **6.8.4** | Fiosrú na féidearthachta go leithdháilfí cabhair deontais ar fheirmeoirí agus ar dhaoine aonair phríobháideacha eile chun rochtain ar mhíreanna oidhreachta ar a gcuid talaimh | RRD |